Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Márta 2022**
**(OR. fr, en)**

**7271/1/22**
**REV 1**

**FAO 8**
**AGRI 103**
**DEVGEN 50**
**RELEX 369**
**FOOD 18**
**SUSTDEV 61**
**CONUN 65**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| An: | 18 Márta 2022 |
| Ábhar: | Togra chun seisiún urghnách éigeandála de Chomhairle Eagraíocht Dhomhanda Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO) a iarraidh chun iarmhairtí fhogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin ar shlándáil dhomhanda an bhia agus na talmhaíochta a scrúdú<br>— *Formheas* |

1. I Rún A/RES-11/1 a glacadh ag an gcruinniú urghnách a bhí aige an 2 Márta 2022, chuir Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe in iúl go bhfuil imní air faoi dhul in olcas na staide daonnúla san Úcráin agus, faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an staid san Úcráin ar shlándáil bia ar fud an domhain, go háirithe i gcás na dtíortha agus na bpobal is leochailí.

2. Tá an Úcráin agus Cónaidhm na Rúise i measc na bpríomhtháirgeoirí táirgí talmhaíochta ar domhan, agus tá na hábhair imní sin go forleathan i measc an phobail idirnáisiúnta, lena n-áirítear Airí Talmhaíochta G7 ag an gcruinniú urghnách a bhí acu an 11 Márta 2022, ar fhreastail Aire Talmhaíochta na hÚcráine agus Ard-Stiúrthóir Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO) air.

3. Is dlúthchuid de shainordú FAO é slándáil bia a áirithiú do chách. Tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéanfaidh comhaltaí FAO measúnú ar gníomhaíochtaí leanúnacha FAO chun aghaidh a thabhairt ar an tionchar diúltach méadaitheach atá ag an gcogadh san Úcráin ar an soláthar bia domhanda, agus go dtabharfaidh sé treoir bhreise do lucht ceannais FAO chun go mbeidh FAO in ann a ról iomlán a chomhlíonadh sna cúinsí eisceachtúla seo.

4. De bhun mhír 1 de Rialachán XXV de Rialacha Ginearálta FAO, féadfar seisiún speisialta éigeandála de Chomhairle FAO a thionól chun scrúdú a dhéanamh agus comhairle a thabhairt maidir le haon ábhar a bhaineann leis nó a eascraíonn as an staid dhomhanda talmhaíochta agus bia, go háirithe aon ábhar práinneach. Chun seisiún urghnách éigeandála den sórt sin a thionól, ní mór iarraidh i scríbhinn a bheith curtha faoi bhráid an Ard-Stiúrthóra ag cúig chomhalta dhéag nó níos mó de Chomhairle FAO.

5. An 17 Márta 2022, scrúdaigh an Mheitheal um Cheisteanna Idirnáisiúnta Bia agus Talmhaíochta (FAO), ar bhonn an nóta ón Uachtaránacht a leagtar amach in WK 3848/2022 + ADD1, an dá thogra seo a leanas:

a) a iarraidh go gcuirfí mír bhreise ar chlár oibre 33ú Comhdháil Réigiúnach FAO don Eoraip (an 10-13 Bealtaine 2022, Łódź – an Pholainn) d'fhonn aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí fhogha na Rúise ar shlándáil dhomhanda an bhia agus na talmhaíochta;

b) gníomhaíochtaí for-rochtana, á stiúradh ag an Uachtaránacht sa Róimh, a sheoladh d'fhonn tacaíocht leathan thrasréigiúnach a áirithiú i measc chomhaltaí FAO chun seisiún urghnách de Chomhairle FAO a iarraidh, chun iarmhairtí fhogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin ar shlándáil dhomhanda an bhia agus na talmhaíochta a scrúdú, leis na cuspóirí seo a leanas:

- i gcomhréir le Rún A/RES/ES-11/1 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, imní mór a léiriú maidir leis an tionchar atá ag fogha na Rúise ar neamhshlándáil mhéadaithe an tsoláthair bia ar fud an domhain;
- na gníomhaíochtaí a rinne FAO go dtí seo a mheas chun aghaidh a thabhairt, laistigh dá shainordú, ar iarmhairtí na coinbhleachta ar an talmhaíocht agus ar an tslándáil bia,
- ról FAO, i gcomhar le heintitis eile de chuid na Náisiún Aontaithe a chur i bhfios go láidir, chun aghaidh a thabhairt, laistigh dá shainordú, ar iarmhairtí na coinbhleachta ar an talmhaíocht agus ar an tslándáil bia,

- a iarraidh ar FAO gníomhú, ag díriú go háirithe ar na tíortha agus na pobail is leochailí a chosaint, d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh:
    - plean freagartha a fhorbairt láithreach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shlándáil bia mhuintir na hÚcráine, lena n-áirítear an bealach chun an feachtas atá le teacht a chaomhnú agus plean téarnaimh meántéarmach don Úcráin,
    - plean freagartha a fhorbairt chun cúnamh a chur ar fáil do na tíortha i mbéal forbartha is mó a bhfuil tionchar ag an gcoinbhleacht seo ar a slándáil bia,
- treoir a thabhairt d'Ard-Stiúrthóir FAO faireachán a dhéanamh ar an staid agus ar na himpleachtaí atá aici don tslándáil dhomhanda bia agus don talmhaíocht, lena n-áirítear praghsanna bia, moltaí a dhéanamh, seisiúin faisnéise mhíosúla a eagrú a bheidh oscailte do gach Comhalta agus tuairisciú a dhéanamh don Chomhairle,
- cinneadh a dhéanamh mír a chur leis an gclár oibre dá ghnáthsheisiún i mí an Mheithimh 2022.

6. Agus clabhsúr á chur aici ar an bplé, thug <u>an Uachtaránacht</u> dá haire tacaíocht leathan na Meithle do na tograí thuasluaite agus, go háirithe, gur chomhaontaigh an Mheitheal sainordú a thabhairt don Uachtaránacht agus do Thoscaireacht an Aontais sa Róimh tús a chur le gníomhaíochtaí for-rochtana sa Róimh a luaithe is féidir d'fhonn tacaíocht leathan idir-réigiúnach a fháil i measc bhallnáisiúin FAO chun seisiún urghnách éigeandála de Chomhairle FAO a iarraidh. Chuige sin, gheall <u>an Uachtaránacht</u> tuarascáil a chur faoi bhráid na Meithle a luaithe is féidir maidir le torthaí na ngníomhaíochtaí for-rochtana sin.

7. An 18 Márta 2022, d'iarr Buanionadaí na Stát Aontaithe ag FAO ar ionadaithe an Aontais agus na mBallstát atá bunaithe sa Róimh tacú leis an dréachtlitir atá i gceangal leis an nóta seo, darb aidhm a iarraidh ar Ard-Stiúrthóir FAO seisiún speisialta éigeandála de Chomhairle FAO a thionól a luaithe is féidir. Tá an dréacht-litir sin, ina n-áirítear san iarscríbhinn sraith gníomhaíochtaí a dhéanfadh Comhairle EBT a fhormhuiniú ag an seisiún speisialta éigeandála a bheidh aici, fós faoi réir comhairliúcháin le Ballstáit eile EBT chun an tacaíocht is leithne is féidir a fháil. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí leasú ar a bhfuil inti.

8. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar <u>Choiste na mBuanionadaithe</u>:
    - toradh an phlé a rinneadh sa Mheitheal maidir leis na tograí thuasluaite ón Uachtaránacht a dhearbhú;

- a mholadh don Chomhairle, mar mhír A, ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo:
    - an togra ón Uachtaránacht go n-áireofaí mír bhreise ar chlár oibre 33ú Comhdháil Réigiúnach FAO don Eoraip (10-13 Bealtaine 2022, Łódź - an Pholainn) a fhormheas, d'fhonn iarmhairtí fhogha Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin ar shlándáil dhomhanda bia agus ar an talmhaíocht a scrúdú;
    - an dréachtlitir atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a fhormheas; tá an formheas sin gan dochar d'athruithe eagarthóireachta i gcomhréir leis na prionsabail agus leis na heilimintí a bhfuil tuairisc orthu i míreanna 5 agus 6 den nóta seo;